Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Aibreán 2024
(OR. en)

8297/24

INF 81
API 52

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Dréacht den 22ú tuarascáil bhliantúil ón gComhairle ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún |

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL ÓN gCOMHAIRLE**
**MAIDIR LE ROCHTAIN AR DHOICIMÉID - 2023**

## I. RÉAMHRÁ

Is í seo an 22ú tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún[1]. Tarraingíodh suas é de bhun Airteagal 17(1) den Rialachán sin[2]. Cuirtear síos ar threochtaí in iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid de chuid na Chomhairle in 2023 sa tuarascáil agus athbhreithnítear gearáin chuig an Ombudsman agus rialuithe a thug cúirteanna na hEorpa i gcásanna a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin ag na hinstitiúidí.

Tá na sonraí staidrimh atá mar bhunús don tuarascáil seo ar fáil mar shonraí oscailte ar shuíomh gréasáin na Comhairle.


## II. TRÉDHEARCACHT REACHTACH

Bhí cuid mhór gníomhaíochta reachtaí ann in 2023 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, a bhí an-ghnóthach leis. Baineann sé sin lena bheith ag druidim le deireadh an timthrialla reachtaigh, mar a fheictear ó líon na sainorduithe caibidlíochta a tugadh. Cé go raibh an líon beagnach comhionann in 2023 (98), cuireadh tús leis an gcaibidlíocht ar 98 % de na sainorduithe sin, i gcomparáid le 2022 nuair nár caibidlíodh ach 58 % díobh.


I gcomhréir le cur chuige Coreper maidir le trédhearcacht reachtach a neartú[3], bhí teacht ag an bpobal ar shainorduithe uile na Comhairle. Cuireadh toradh deiridh na caibidlíochta maidir leis na comhaid uile ar fáil don phobal, tar éis fhormhuiniú ó Coreper (74) nó tar éis na litreach tairisceana a bheith seolta chuig Cathaoirleach Choiste Pharlaimint na hEorpa (7), nó iad araon (52). Sna 17 gcomhad atá fágtha, tá an chaibidlíocht fós ar siúl nó níor cuireadh tús léi, nó dhiúltaigh Parlaimint na hEorpa an togra.

1 IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.
2 San airteagal sin, foráiltear mar a leanas: '*Foilseoidh gach institiúid tuarascáil go bliantúil maidir leis an mbliain roimhe sin agus áireofar sa tuarascáil sin an líon cásanna inar dhiúltaigh an institiúid rochtain a thabhairt ar dhoiciméid, na cúiseanna leis na diúltuithe sin agus an líon doiciméad íogair nár taifeadadh sa chlár.*'
3 9493/20.


Initial Council negotiating mandates granted in 2023 for trilogues




Initial Council mandates granted in 2023 for trilogues and made public




## Initial 4-column tables prepared for negotiating with the Council mandates granted in 2023




*Negotiations on a legislative file do not necessarily require the production of a 4-column table. In particular, in 2023, agreement was reached without trilogues, or with urgency for 9 files. In addition, in one case, the European Parliament did not enter into negotiations but instead rejected the Commission's proposal (2022/0348 (COD)).*

**In some cases, the initial 4-column table included negotiating elements in the fourth column and therefore could not have been made public at the time.*

## Progress reports in 2023




## III. IARRATAÍ AR ROCHTAIN AR DHOICIMÉID IN 2023

### 1. An clár poiblí

In 2023, tharraing an clár 2.7 % de thrácht láithreán gréasáin na Comhairle. Chuathas i gcomhairle leis breis agus 534 000 uair. Maidir le líon iomlán an 329 000 amharc, ba thrí innill chuardaigh a tháinig 25 % acu ar an gclár, ba thrí nasc díreach a tháinig 69 % acu air, is amhlaidh a atreoraíodh 5 % ó shuíomh gréasáin eile agus 1 % ó ríomhphoist. Ba sa Bheilg a bhí 26 % de na cuairteoir lonnaithe, ba sa Fhrainc a bhí 14 % acu, ba in Éirinn a bhí 14 % acu , ba sa Ghearmáin a bhí 7.4 % acu, ba san Iodáil a bhí 3.7 % acu agus ba san Ísiltír a bhí 3.7 % acu.

An 31 Nollaig 2023, bhí 505 587 ndoiciméad bunteanga (3 823 804 dhoiciméad agus gach leagan teanga san áireamh) liostaithe ar an gclár poiblí. As líon iomlán na ndoiciméad bunteanga atá liostaithe sa chlár, tá 72.2 % acu (364 793 dhoiciméad) poiblí agus ar fáil lena n-íoslódáil.




Le linn 2023, cuireadh 26 165 dhoiciméad sa bhunteanga leis an gclár, agus tá 69.6 % acu, nó 18 200 doiciméad, ar fáil don phobal agus lena n-íoslódáil. In 2023, d'eisigh an Chomhairle 13 403 dhoiciméad a bhí ar fáil don phobal tráth a gcúrsaíocht agus d'eisigh sí 12 440 doiciméad LIMITE. Chuir sí 1 107 ndoiciméad atá ar fáil go páirteach don phobal leis an gclár.

In 2023, rinneadh tagairt do 322 dhoiciméad rúnaicmithe[4] sa chlár agus d'eisigh an Chomhairle 822 dhoiciméad rúnaicmithe nach bhfuil liostaithe sa chlár.

**Doiciméid reachtacha**

Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, cuireadh 5 338 ndoiciméad reachtacha[5] leis an gclár, agus eisíodh 2 299 díobh mar dhoiciméad 'poiblí' tráth a gcúrsaíocht. As measc an 3 039 ndoiciméad reachtacha eile a eisíodh mar dhoiciméid LIMITE (le tagairt sa chlár ach nach bhfuil rochtain dhíreach orthu) cuireadh 2 006 dhoiciméad ar fáil don phobal arna iarraidh sin. Dá bhrí sin tá 80.6 % san iomlán de na doiciméid reachtacha a cuireadh leis an gclár in 2023 ar fáil don phobal ina n-iomláine.




[4] Cf. i gCinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).


[5] Mar a fhoráiltear in Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, is doiciméid reachtacha iad doiciméid a tarraingíodh suas agus/nó a fuarthas le linn nós imeachta reachtach.

## 2. Iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid

In 2023, fuair an Chomhairle 3 732 iarraidh thosaigh ar rochtain ar dhoiciméid agus 40 iarratas dearbhúcháin[6], rud a d'fhág gur ghá 13 912 dhoiciméad a anailísiú.


In 2023, tháinig méadú de bheagnach 1 000 ar líon na n-iarrataí tosaigh, ar mhéadú níos mó ná 35 % é i gcomparáid le 2022 (a chuirtear leis an méadú 32 % a chonacthas cheana in 2022 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin).


In 2023, thíolaic 1 282 iarratasóir na 3 732 iarraidh tosaigh.





6 I gcás diúltaithe iomláin nó diúltaithe pháirtigh, féadfaidh an t-iarratasóir, laistigh de 15 lá ón tráth a fhaigheann sé nó sí freagra na hinstitiúide, iarratas dearbhúcháin a dhéanamh á iarraidh ar an institiúid athbhreithniú a dhéanamh ar a seasamh.

In 2023, chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach i gcomhairle le hArdrúnaíocht na Comhairle maidir le 929 ndoiciméad. Maidir leis na hiarratasóirí aonair, d'iarr an cúigear iarratasóirí a d'iarr an chuid is mó de na doiciméid rochtain ar 2 571 dhoiciméad, arb ionann iad agus 18 % de na doiciméid a iarradh. Chuir an cúigear iarratasóirí sin 127 n-iarratas isteach. Ba cheart a thabhairt faoi deara nár thíolaic tromlach mór na n-iarratasóirí ach iarratais ar rochtain ar líon an-bheag doiciméad (idir 1 agus 10).




Ag an gcéim thosaigh, tugadh rochtain iomlán ar 10 908 ndoiciméad (78.4 %) agus rochtain pháirteach ar 1 600 doiciméad (11.5 %). Diúltaíodh rochtain ar 1 404 dhoiciméad (10.1 %).




Ag eascairt as iarratais dearbhúcháin, tugadh rochtain iomlán ar 53 dhoiciméad (36.3 %) agus rochtain pháirteach ar 45 dhoiciméad (30.8 %). Dheimhnigh an Chomhairle gur cheart rochtain a dhiúltú ar 48 ndoiciméad (32.9 %).




**Eisceachtaí a úsáideadh chun rochtain a dhiúltú**

Ag an gcéim thosaigh, diúltaíodh rochtain ar dhoiciméid go príomha chun próiseas cinnteoireachta na Comhairle a chosaint (327 n-uaire, 29.3 %), chun leas an phobail a chosaint maidir le caidreamh idirnáisiúnta (305 n-uaire, 27.4 %) nó ar chúiseanna maidir leis an tslándáil phoiblí (50 uair, 4.5 %).

In 34.7 % de chásanna (387 huaire), diúltaíodh doiciméid bunaithe ar mheascán eisceachtaí éagsúla. Ba ar mhaithe le leas an phobail a chosaint a mhéid a bhaineann le cúrsaí cosanta agus míleata agus caidreamh idirnáisiúnta (61 uair, 15.7 %) agus ar mhaithe le cosaint na slándála poiblí agus an chaidrimh idirnáisiúnta (60 uair, 15.5 %) den chuid is mó a diúltaíodh rochtain sna cásanna sin.

Diúltaíodh rochtain chun leasanna an phobail a chosaint a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idirnáisiúnta agus próiseas cinnteoireachta na Comhairle in 53 chás chomh maith (i.e. in 13.7 % de na cásanna).

Ba chun leas an phobail a chosaint a mhéid a bhain le beartas airgeadais, airgeadaíochta nó eacnamaíoch an Chomhphobail nó Ballstáit a chosaint agus chun próiseas cinnteoireachta na Comhairle a chosaint a diúltaíodh rochtain 52 huaire, nó in 13.4 % de chásanna inar cuireadh eisceachtaí éagsúla i bhfeidhm.




In aon cheathrú cuid de na cásanna, tugadh rochtain pháirteach bunaithe ar mheascán eisceachtaí éagsúla.


Ba í an eisceacht ba mhinice a húsáideadh chun údar a thabhairt le rochtain pháirteach amháin a thabhairt ná sonraí pearsanta a chosaint (45.4 %), agus leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idirnáisiúnta (13.4 %).


Ag an gcéim dhearbhúcháin, diúltaíodh rochtain ar dhoiciméid go hiomlán i bhformhór mór na gcásanna (62.5 %) mar gheall ar mheascán eisceachtaí. Diúltaíodh rochtain iomlán freisin chun an caidreamh idirnáisiúnta (10.4 %) agus an tslándáil phoiblí (8.3 %) a chosaint.

Is chun sonraí pearsanta a chosaint a diúltaíodh rochtain a thabhairt ar dhoiciméid go páirteach (82.2 %).




**Self-declared professional profile of the applicants in 2023**
at the initial and at the confirmatory stage (in %)



Chaith an Ardrúnaíocht 16 lá oibre ar an meán chun iarrataí tosaigh a phróiseáil agus 32 lá oibre chun iarratais dearbhúcháin a phróiseáil[7].




Maidir le 1 248 n-iarraidh, i.e. in 33.4 % de chásanna, cuireadh síneadh leis an sprioc-dháta de 15 lá oibre chun iarrataí tosaigh a phróiseáil. Cuireadh síneadh leis an sprioc-dháta i gcás gach iarratas dearbhúcháin.

Tugtar sonraí breise sna táblaí san Iarscríbhinn maidir le hiarrataí ar rochtain ar dhoiciméid.

7 Dúnadh 39 n-iarratas dearbhúcháin.

## IV. GEARÁIN A TAISCEADH LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH, FIOSRÚCHÁN FÉINTIONSCNAIMH AG AN OMBUDSMAN EORPACH AGUS IMEACHTAÍ DLÍ I RÉIMSE NA TRÉDHEARCACHTA/ROCHTAIN AR DHOICIMÉID AGUS IARRATAÍ AR FHAISNÉIS

### 1. Gearáin a taisceadh leis an Ombudsman Eorpach

In 2023, ní bhfuair an Chomhairle aon fhiosrúcháin ón Ombudsman faoi ghearáin maidir le rochtain ar dhoiciméid[8].

Áirítear dhá ghearán a fuarthas in 2022 fós sa tuarascáil seo ó tharla roinnt forbairtí sna cásanna sin in 2023.

***Gearán 788/2022/SF***

Baineann an cás seo le gearán maidir leis an gcinneadh ón gComhairle an 20 Nollaig 2021 lena ndiúltaítear rochtain iomlán a dheonú ar 16 dhoiciméad ina bhfuil malartuithe i scríbhinn idir Seirbhís Dlí na Comhairle agus grúpaí ullmhúcháin na Comhairle, buanionadaíochtaí agus an Coimisiún Eorpach, i gcomhthéacs an scrúdúcháin ar dhá thogra le haghaidh rialacháin: an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (2020/0361 (COD)) agus an Ionstraim um Margaí Digiteacha (2020/0374 (COD)).

I mí Aibreáin 2022, d'oscail an tOmbudsman fiosrúchán[9] maidir leis an ábhar agus rinne sí iniúchadh ar na doiciméid ar diúltaíodh rochtain orthu. I mí Iúil 2022, d'iarr an tOmbudsman doiciméid bhreise a bhaineann leis an ngearán (ceangaltáin a ghabh le cuid na doiciméid a cuireadh ar fáil cheana féin don Ombudsman), ar doiciméid iad nár shainaithin an Chomhairle i gceart, chun iniúchadh a dhéanamh orthu. Le linn an fhiosrúcháin, rinne foireann fiosrúcháin an Ombudsman athbhreithniú ar na doiciméid ábhartha agus bhuail siad le hoifigigh Ardrúnaíocht na Comhairle d'fhonn soiléiriú a fháil ar na fáthanna ar dhiúltaigh an Chomhairle rochtain phoiblí a dheonú.

---

8 Cuireadh gearán amháin chuig an Ombudsman (1662/2023/SF) ach measadh é a bheith réitithe láithreach. Rinne an t-iarratasóir gearán faoi mhainneachtain freagra a thabhairt ar a iarratas dearbhúcháin laistigh den spriocdháta dlíthiúil. Bhí moill leis an bhfreagra mar gheall ar bhriseadh an tsamhraidh. Chomh luath agus a cuireadh an freagra chuig an iarratasóir, mheas seirbhísí an Ombudsman go raibh an t-ábhar réitithe.

9 8746/22 INIT agus 8746/22 ADD 1.

I litir uaithi an 2 Feabhra 2023, sheol an tOmbudsman togra le haghaidh réitigh, mar nár ghlac sí leis na míniúcháin ón gComhairle go mbainfeadh nochtadh an bonn de na leasanna a chosnaítear leis na heisceachtaí a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001. Mheas an tOmbudsman, ach go háirithe, gur cheart don Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar a seasamh chun an rochtain phoiblí is leithne is féidir ar na doiciméid a iarradh a dheonú. D'iarr sí ar an gComhairle í a chur ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht arna déanamh ag an gComhairle i ndáil leis an togra thuasluaite le haghaidh réitigh.

Ina freagra chuig an Ombudsman dar dáta an 26 Aibreán 2023[10], mheas an Chomhairle ag an am nach ndéanadh nochtadh na ndoiciméad iarrtha dochar do na leasanna cosanta níos mó agus chuir sí in iúl go raibh cinneadh déanta aici rochtain iomlán a thabhairt don ghearánach ar na doiciméid, cé is moite d'aon sonraí pearsanta a bhí iontu. An 2 Bealtaine 2023, chuir an Ardrúnaíocht na doiciméid a iarradh chuig an ngearánach.

An 26 Meitheamh 2023, dhún an tOmbudsman an gearán, mar gur ghlac an Chomhairle le moladh an Ombudsman maidir le réiteach agus gur thug sí an rochtain phoiblí is leithne is féidir ar na doiciméid a iarradh.

***Gearán 1834/2022/NH***

Baineann an cás seo le gearán ó shaoránach a seoladh chuig an Ombudsman Eorpach tar éis don Chomhairle diúltú rochtain phoiblí iomlán a thabhairt ar 6817/21 INIT ón gComhairle. Tá tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle sa doiciméad seo, tuairim faoi bhunús dlí an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach.

[10] 8238/23 INIT.

Mar thoradh ar iarratas dearbhúcháin, thug an Chomhairle rochtain pháirteach ar chodanna den doiciméad. Diúltaíodh rochtain ar an gcuid eile den doiciméad ar bhonn an dara fleasc d'Airteagal 4(2) (cosaint comhairle dlí) agus na chéad fhomhíre d'Airteagal 4(3) (cosaint an phróisis cinnteoireachta) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

An 25 Deireadh Fómhair 2022, d'oscail an tOmbudsman fiosrúchán ar an ábhar[11] agus rinne sí iniúchadh ar na doiciméid.

An 4 Aibreán 2023, mhol an tOmbudsman go ndeonódh an Chomhairle rochtain phoiblí iomlán ar an tuairim ón tSeirbhís Dlí, agus d'iarr sí ar an gComhairle tuairim mhionsonraithe a thabhairt di ar an ábhar faoin 3 Iúil 2023.

An 9 Iúil 2023, thug an Chomhairle freagra ar an Ombudsman, agus chuir sí in iúl gur chinn sí rochtain iomlán a thabhairt don ghearánach ar an doiciméad a iarradh[12]. Ina cinneadh an 25 Meán Fómhair 2023, dheimhnigh an tOmbudsman a cinneadh go raibh drochriarachán i gceist, ós rud é gur chloígh an Chomhairle lena seasamh nárbh fhéidir an doiciméad a nochtadh tráth a glacadh an cinneadh deimhniúcháin, nuair a bhí an nós imeachta reachtach fós ar siúl. Ina theannta sin, d'iarr an tOmbudsman ar an gComhairle an rochtain is leithne is féidir a thabhairt ar dhoiciméid reachtacha tráth a mbeadh an pobal in ann páirt éifeachtach a ghlacadh i nósanna imeachta reachtacha[13].

## 2. Fiosrúchán féintionscnaimh an Ombudsman Eorpaigh

An 2 Deireadh Fómhair 2023, chuir an tOmbudsman Eorpach litir chuig an gComhairle i ndáil le fiosrúchán féintionscnaimh (OI/4/2023/MIK) maidir le hiarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid reachtacha a láimhseáil[14]. Cuireadh an fiosrúchán féintionscnaimh sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin freisin.

[11] 14142/1/22 REV 1, 14142/22 ADD 1 REV 1 agus 14142/22 ADD 2 REV 1.
[12] 10830/23.
[13] 13699/23.
[14] 13836/23.

D'iarr an tOmbudsman ar an gComhairle faisnéis staitistiúil a chur ar fáil di a bhaineann le próiseáil iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid maidir le trí chomhad reachtacha.

Bhailigh an Ardrúnaíocht na sonraí a iarradh ar bhonn na faisnéise atá ar fáil sa bhunachar sonraí le haghaidh rochtain a fháil ar dhoiciméid agus d'ullmhaigh sí dréachtfhreagra. Seoladh an freagra chuig an Ombudsman an 6 Nollaig 2023[15].

An 20 Márta 2024, chuir an tOmbudsman litir chuig Ard-Rúnaí na Comhairle ag iarraidh féachaint ar shampla de chinntí a d'eisigh an Ardrúnaíocht. Tá cinntí tosaigh uile inar deonaíodh rochtain pháirteach ar dhoiciméid, nó inar diúltaíodh rochtain a thabhairt orthu, chomh maith le 15 chinneadh inar deonaíodh rochtain iomlán ar na doiciméid uile a iarradh, sa shampla sin. D'iarr sí cóip de na doiciméid sin a fháil.

**3. Cásanna cúirte**

In 2023, bhí cúig chás cúirte ar feitheamh os comhair chúirteanna an Aontais: achomharc amháin os comhair na Cúirte Breithiúnais agus ceithre chás os comhair na Cúirte Ginearálta ina ndearnadh agóid i gcoinne dlíthiúlacht cinntí ón gComhairle lena ndiúltaítear rochtain phoiblí a dheonú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

I gCás C-408/21 P, *an Chomhairle v L. Pech*, rinne an Chomhairle achomharc i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Aibreán 2021 i gCás T-252/19 lena neamhnítear an cinneadh ón gComhairle rochtain ar thuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle a dhiúltú (13593/18 INIT). An 8 Meitheamh 2023, dhiúltaigh an Chúirt Bhreithiúnais achomharc na Comhairle i gcoinne an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta. Chinn an Chúirt gur theip ar an gComhairle a léiriú go ndéanfaí difear don chinnteoireacht leanúnach nó do leas na Comhairle maidir le comhairle dlí a fháil dá nochtfaí an tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle. Dheimhnigh an Chúirt go raibh oibleagáid ann, i bprionsabal, sa réimse reachtach maidir le tuairimí Sheirbhís Dlí na Comhairle a nochtadh murar rud é, mar shampla, go raibh siad an-íogair nó go raibh raon feidhme an-leathan ag baint leo. Chinn an Chúirt freisin nach raibh comhthéacs foriomlán an phlé reachtaigh ábhartha maidir lena shocrú an raibh nó raibh tuairim an-íogair, ós rud é nár cheart ach ábhar na tuairime a chur san áireamh. Dheimhnigh an Chúirt freisin go raibh an ceart ag an gCúirt Ghinearálta a cheangal ar an gComhairle 'eilimintí inláimhsithe' a thíolacadh lena léirítear go bhfuil riosca réasúnta intuartha ann don phróiseas cinnteoireachta.

[15] 15494/23.

I gCás T-163/21, *De Capitani v an Chomhairle*, d'iarr an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní cinneadh na Comhairle maidir le rochtain a dhiúltú ar dhoiciméid áirithe arna gcódú 'WK' (le haghaidh 'Doiciméad oibre') i ndáil leis an nós imeachta reachtach a bhaineann leis an leasú ar Threoir 2013/34/AE maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla maidir le tuairisciú de réir tíre. An 25 Eanáir 2023, chuir an Chúirt Ghinearálta an cinneadh sin ar neamhní. Ar an gcéad dul síos, dhiúltaigh an Chúirt d'argóint an iarratasóra nach raibh feidhm ag an eisceacht a bhaineann le cosaint an phróisis cinnteoireachta, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, arna léirmhíniú i bhfianaise CFAE agus na Cairte, maidir le doiciméid reachtacha. Chinn an Chúirt, cé gur cheart rochtain ar dhoiciméid reachtacha a bheith chomh leathan agus is féidir, nár chiallaigh sé sin go foráladh i ndlí príomha an Aontais do cheart neamhchoinníollach chun rochtain a fháil ar dhoiciméid reachtacha. Ar an dara dul síos, chinn an Chúirt nár thacaigh aon cheann de na forais a raibh an Chomhairle ag brath orthu maidir le conclúid an chinnidh atá faoi chonspóid go mbainfeadh nochtadh na ndoiciméad atá i gceist an bonn go sonrach, go héifeachtach agus ar bhealach neamh-hipitéiseach den phróiseas reachtach lena mbaineann.

I gcásanna T-682/21 *ClientEarth v an Chomhairle* agus T-683/21 *Leino-Sandberg v an Chomhairle*, bhí na hiarrthóirí ag iarraidh go ndéanfaí an cinneadh ón gComhairle maidir le rochtain a dhiúltú ar thuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle a eisíodh i gcomhthéacs nós imeachta reachtach maidir le leasú ar Rialachán Aarhus (8721/21) a neamhniú. An 13 Márta 2024, chuir an Chúirt Ghinearálta an cinneadh ón gComhairle ar neamhní. Maidir leis an eisceacht a bhaineann le cosaint ar chomhairle dlí dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, chinn an Chúirt nach féidir tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle a mheas mar thuairim íogair, más rud é 'nach bhfuil ann ach measúnú ar ghnéithe de léirmhíniú ar dhlí an Aontais' agus nach bhfuil 'aon úrnuacht' ina measúnú dlíthiúil ar an ábhar. Thairis sin, d'fhéadfadh measúnú ó sheirbhís dlí institiúide ar thogra reachtach difear a dhéanamh do phróiseas reachtach amháin nó níos mó. Ar an gcúis sin, ní féidir rochtain ar na doiciméid sin a dhiúltú de bharr a n-impleachtaí ar phróisis reachtacha eile amháin gan breathnú ar thosca breise mar 'raon feidhme an-leathan'. A mhéid a bhaineann leis an eisceacht lena gcosnaítear próiseas cinnteoireachta leanúnach, chinn an Chúirt go meastar an próiseas cinnteoireachta a bheith dúnta ón dáta a fhormheasfaidh an Chomhairle/Coreper an comhaontú sealadach ar thángthas air le linn na gcruinnithe tríthaobhacha, fiú murar glacadh (fós) go críochnaitheach é.

Ar deireadh, maidir leis an eisceacht a bhaineann le caidreamh idirnáisiúnta a chosaint, chinn an Chúirt go bhfuil gá le níos mó ná 'an nasc is lú ar bith' idir na gnéithe atá i ndoiciméad agus na cuspóirí atá á saothrú ag an Aontas maidir le comhaontú idirnáisiúnta á chaibidil agus á chur chun feidhme. Ionas gur féidir iontaoibh a bheith aici as an eisceacht, ní mór don Chomhairle míniú a thabhairt ar na rioscaí sonracha, iarbhír, intuartha le réasún agus neamh-hipitéiseach a bhaineann leis an gcaidreamh idirnáisiúnta.

I gCás T-590/23, *De Capitani v an Chomhairle,* d'iarr an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní cinneadh na Comhairle maidir le rochtain a dhiúltú ar dhoiciméid áirithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus 'an cinneadh intuigthe nó sainráite leanúnach maidir le gan doiciméid reachtacha ar tugadh rochtain orthu a fhoilsiú go díreach tar éis iarraidh ar rochtain faoi Rialachán 1049/2001 thuasluaite i gclár na Comhairle féin'. Níor tháinig an cás os comhair na Cúirte fós.

## V. FOILSIÚ DOICIMÉAD DE BHUN AIRTEAGAL 11(6) D'IARSCRÍBHINN II A GHABHANN LE RIALACHA NÓS IMEACHTA NA COMHAIRLE

Chuir an Ardrúnaíocht 254 dhoiciméad ullmhúcháin a bhaineann le 17 ngníomh reachtacha a glacadh in 2023 ar fáil go poiblí.

## VI. TORTHAÍ VÓTÁLA

In 2023, d'ullmhaigh an Ardrúnaíocht torthaí vótála do na gníomhartha reachtacha uile a ghlac an Chomhairle le linn na bliana (i.e. 85); tá na torthaí vótála sin ar fáil go díreach ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

## VII. IARRATAÍ AR FHAISNÉIS

Faigheann Ardrúnaíocht na Comhairle iarratais ar fhaisnéis in 24 theanga oifigiúla an Aontais, ní hamháin ó shaoránaigh atá lonnaithe san Aontas ach ó áiteanna eile ar domhan freisin. Cuirtear na hiarrataí sin isteach ar bhealaí éagsúla: trí fhoirm ghréasáin (trí shuíomh gréasáin na Comhairle), trí ríomhphoist agus trí litreacha. Tá an tSeirbhís um Fhaisnéis don Phobal freagrach as freagra a thabhairt ar na hiarrataí sin ar fhaisnéis.


In 2023, d'fhreagair an Ardrúnaíocht 6 480 iarraidh ar fhaisnéis. Seoladh na freagraí sin mar seo a leanas:

– 6 029 ríomhphost (áirítear leis seo iarrataí a fuarthas go leictreonach agus trí ríomhphost);


– 451 litir.

Seoladh 950 de na hiarrataí sin chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí.

Feictear sna figiúirí thuasluaite gur tháinig laghdú suntasach ar líon foriomlán na n-iarrataí ar fhaisnéis le blianta beaga anuas.




Bhain na hiarrataí a fuair an Ardrúnaíocht le hábhair dhifriúla maidir le beartas an Aontais agus le hábhair éagsúla eile. In 2023, ba iad seo a leanas na príomhréimsí ar bhain na hiarrataí sin leo:




Bhí saincheisteanna gnóthaí eachtracha fós ar an gcúis is mó imní a bhí ag na saoránaigh le linn 2023. Áiríodh an cogadh san Úcráin, ó thaobhanna éagsúla, agus iarrataí ar threoir maidir le smachtbhannaí a forchuireadh ar an Rúis ar na hábhair ba mhinice a ardaíodh. Bhí saincheisteanna eile, ar nós an staid sa Mheánoirthear nó sa Nagarna-Carabaic, ar bharr an liosta freisin.

Chuaigh daoine aonair agus cuideachtaí i dteagmháil leis an Ardrúnaíocht freisin chun tuilleadh eolais a fháil faoi staid na himeartha maidir le roinnt comhad beartais, mar shampla an gníomh um an intleacht shaorga, an gníomh um shonraí agus an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha. Ina theannta sin, fuair an Ardrúnaíocht fiosrúcháin níos praiticiúla, cuir i gcás maidir le conas doiciméid phearsanta a fháil nó conas pointe teagmhála a aimsiú ar an leibhéal náisiúnta chun na fadhbanna a bhíonn ag na daoine a rinne an iarraidh a réiteach.

Faoin ábhar 'Ardrúnaíocht na Comhairle', fuair an Ardrúnaíocht iarrataí maidir leis an méid seo a leanas:
– grianghraif sínithe d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí;
– iarrataí ar thacaíocht airgeadais ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí;
– faisnéis maidir le gairmeacha/tréimhsí oiliúna;
– sonraí teagmhála oifigeach.

Ina theannta sin, faigheann an Ardrúnaíocht líon suntasach ríomhphost agus litreach atá dothuigthe nó ar turscar iad, nó, i gcás litreacha, nach bhfuil seoladh teagmhála soiléir iontu. In 2023, ba é 321 líon iomlán na gcásanna nach ndearnadh aon obair leantach ina leith.

## VIII. FREASTAL ÓCÁIDEACH TRÍÚ PÁIRTITHE, LENA N-ÁIRÍTEAR IONADAITHE LEASMHARA, AR CHRUINNITHE DEN CHOMHAIRLE NÓ DÁ COMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN

Foráiltear le pointe iv de na treoirlínte ón Ardrúnaí an 22 Iúil 2021 maidir leis an ábhar thuasluaite gur cheart go n-áireofaí sa tuarascáil bhliantúil ón gComhairle i ndáil le rochtain ar dhoiciméid faisnéis ábhartha faoi fhreastal ionadaithe leasmhara ar chruinnithe den Chomhairle nó dá comhlachtaí ullmhúcháin.

In 2023, údaraíodh do 210 ionadaí sainleasa freastal ar chruinnithe chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle. Bhain na hionadaithe sainleasa leis na catagóirí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Eagraíochtaí neamhrialtasacha | 116 |
| Meithleacha Machnaimh | 36 |
| Comhlachais Trádála agus Ghnó | 18 |
| Saineolaithe aonair agus acadóirí | 16 |
| Comhlachais agus líonraí d’eintitis phoiblí nó mheasctha | 11 |
| Comhairleacht agus cuideachtaí | 6 |
| Carthanais | 5 |
| Ceardchumainn agus comhlachais ghairmiúla | 2 |

Sainaithnítear na heintitis atá údaraithe chun freastal ar chruinnithe de chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle i gcláir oibre na gcomhlachtaí ullmhúcháin ábhartha, ar féidir teacht orthu sa chlár de dhoiciméid na Comhairle.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**1. Líon na n-iarrataí tosaigh de bhun Rialachán Uimh. 1049/2001**

| 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| 2 567 | 2 321 | 2 083 | 2 762 | 3 732 |

**2. Líon na ndoiciméad a iarradh sna hiarrataí tosaigh**

| 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| 8 222 | 13 382 | 10189 | 10 902 | 13 912 |

**3. Doiciméid a d'eisigh Ardrúnaíocht na Comhairle ag an gcéim thosaigh**

| 2019 | | 2020 | | 2021 | | 2022 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 615 | | 11 796 | | 9 011 | | 9 019 | | 12 508 | |
| páirteac<br>h<br>470 | iomlán<br>6145 | páirteac<br>h<br>542 | iomlán<br>11 254 | páirteac<br>h<br>519 | iomlán<br>8 492 | páirteac<br>h<br>955 | iomlán<br>8 064 | páirteac<br>h<br>1 600 | iomlán<br>10 908 |

**4. Líon na n-iarratas dearbhúcháin**

| 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| 40 | 26 | 44 | 23 | 40 |

**5. Líon na ndoiciméad arna mbreithniú in aghaidh an iarratais dearbhúcháin**

| 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| 166 | 118 | 210 | 163 | 146 |

**6. Doiciméid a d'eisigh an Chomhairle ag an gcéim dhearbhúcháin**

| 2019 | | 2020 | | 2021 | | 2022 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 111 | | 66 | | 113 | | 82 | | 98 | |
| páirteac<br>h<br>50 | iomlán<br>61 | páirteac<br>h<br>31 | iomlán<br>35 | páirteac<br>h<br>54 | iomlán<br>59 | páirteac<br>h<br>36 | iomlán<br>46 | páirteac<br>h<br>45 | iomlán<br>53 |

7. **Ráta na ndoiciméad a scaoileadh le linn an nós imeachta ar fad (scaoileadh iomlán / scaoileadh iomlán + páirteach)**

| 2019 | | 2020 | | 2021 | | 2022 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 79.7 % | 86.4 % | 84.4 % | 88.6 % | 83.9 % | 89.5 % | 79 % | 88.7 % | 80 % | 92 % |

8. **Próifíl ghairmiúil na n-iarratasóirí (iarratais tosaigh)**

| | | 2019 | | 2020 | | 2021 | | 2022 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An tSochaí Shibhialta/ Príobháideach Earnáil | Comhairleoirí | 8.2 % | 23.5 % | 7.3 % | 20.5 % | 6.9 % | 20.9 % | 10.7 % | 28.2 % | 11.9 % | 30.6 % |
| | Brúghrúpaí comhshaoil | 0.4 % | | 0.2 % | | 0.2 % | | 0.1 % | | 0.3 % | |
| | Grúpaí leasmhara eile | 3.4 % | | 3 % | | 3.3 % | | 4.6 % | | 5 % | |
| | Tionsclaíochta/ An earnáil tráchtála | 5 % | | 4.7 % | | 5.2 % | | 4.9 % | | 7.4 % | |
| | Eagraíochtaí neamhrialtasacha | 6.5 % | | 5.3 % | | 5.3 % | | 7.9 % | | 6 % | |
| Iriseoirí | | 6.4 % | | 6.6 % | | 5 % | | 6.8 % | | 8.1 % | |
| Dlíodóirí | | 6.9 % | | 5.1 % | | 4.7 % | | 4.3 % | | 7.1 % | |
| An lucht acadúil | | 28.8 % | | 34.8 % | | 39 % | | 33.3 % | | 22.9 % | |
| Údaráis phoiblí (institiúidí nach institiúidí de chuid an Aontais iad, ionadaithe | | 3.4 % | | 4.4 % | | 2 % | | 3.2 % | | 2.2 % | |
| Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus cúntóirí | | 1.5 % | | 0.5 % | | 1.3 % | | 0.4 % | | 0.9 % | |
| Eile | | 13.9 % | | 13.3 % | | 15 % | | 14.1 % | | 11.9 % | |
| Neamhdhearbhaithe | | 12.1 % | | 11.8 % | | 12.5 % | | 17 % | | 16.3 % | |

## 9. Próifíl ghairmiúil na n-iarratasóirí (iarratais dearbhúcháin)

<table>
<tr><th colspan="2"></th><th colspan="2">2019</th><th colspan="2">2020</th><th colspan="2">2021</th><th colspan="2">2022</th><th colspan="2">2023</th></tr>
<tr><td rowspan="5">An tSochaí Shibhialta / Príobháideach Earnáil</td><td>Comhairleoirí</td><td>6.5 %</td><td rowspan="5">25.8 %</td><td>4 %</td><td rowspan="5">8 %</td><td>0 %</td><td rowspan="5">6.2 %</td><td>0 %</td><td rowspan="5">13.7 %</td><td>0 %</td><td rowspan="5">6.4 %</td></tr>
<tr><td>Brúghrúpaí comhshaoil</td><td>3.2 %</td><td>0 %</td><td>0 %</td><td>4.6 %</td><td>0 %</td></tr>
<tr><td>Grúpaí leasmhara eile</td><td>6.4 %</td><td>4 %</td><td>0 %</td><td>0 %</td><td>0 %</td></tr>
<tr><td>Tionsclaíochta / An earnáil tráchtála</td><td>0 %</td><td>0 %</td><td>3.1 %</td><td>0 %</td><td>3.2 %</td></tr>
<tr><td>Eagraíochtaí neamhrialtasacha</td><td>9.7 %</td><td>0 %</td><td>3.1 %</td><td>9.1 %</td><td>3.2 %</td></tr>
<tr><td colspan="2">Iriseoirí</td><td colspan="2">12.9 %</td><td colspan="2">8 %</td><td colspan="2">18.7 %</td><td colspan="2">4.6 %</td><td colspan="2">12.9 %</td></tr>
<tr><td colspan="2">Dlíodóirí</td><td colspan="2">0 %</td><td colspan="2">16 %</td><td colspan="2">9.4 %</td><td colspan="2">4.5 %</td><td colspan="2">22.6 %</td></tr>
<tr><td colspan="2">An lucht acadúil</td><td colspan="2">38.7 %</td><td colspan="2">32 %</td><td colspan="2">25 %</td><td colspan="2">36.4 %</td><td colspan="2">16.1 %</td></tr>
<tr><td colspan="2">Údaráis phoiblí (institiúidí nach institiúidí de chuid an Aontais iad, ionadaithe tríú</td><td colspan="2">0 %</td><td colspan="2">4 %</td><td colspan="2">0 %</td><td colspan="2">4.5 %</td><td colspan="2">0 %</td></tr>
<tr><td colspan="2">Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus cúntóirí</td><td colspan="2">0 %</td><td colspan="2">8 %</td><td colspan="2">0 %</td><td colspan="2">0 %</td><td colspan="2">0 %</td></tr>
<tr><td colspan="2">Eile</td><td colspan="2">3.2 %</td><td colspan="2">12 %</td><td colspan="2">9.4 %</td><td colspan="2">4.5 %</td><td colspan="2">9.7 %</td></tr>
<tr><td colspan="2">Neamhdhearbhaithe</td><td colspan="2">19.4 %</td><td colspan="2">12 %</td><td colspan="2">31.3 %</td><td colspan="2">31.8 %</td><td colspan="2">32.3 %</td></tr>
</table>

## 10. Dáileadh geografach na n-iarratasóirí (iarratais tosaigh)

| Tír | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| An Bheilg | 27.9 % | 24.7 % | 28.1 % | 30.5 % | 28.9 % |
| An Bhulgáir | 0.1 % | 0.5 % | 0.1 % | 0.1 % | 0.3 % |
| An Chróit | 0.2 % | 0.2 % | 0.2 % | 0.4 % | 0.4 % |
| Poblacht na Seice | 0.9 % | 0.5 % | 0.7 % | 0.5 % | 0.7 % |
| An Danmhairg | 1 % | 0.9 % | 1.5 % | 1 % | 0.8 % |
| An Ghearmáin | 13.6 % | 11.5 % | 12.4 % | 11.8 % | 11.6 % |
| An Eastóin | 0.1 % | 0.1 % | 0.2 % | 0.1 % | 0.1 % |
| An Ghréig | 0.6 % | 1.2 % | 0.9 % | 0.2 % | 0.5 % |
| An Spáinn | 4.8 % | 4.2 % | 4.9 % | 4 % | 3.7 % |
| An Fhrainc | 7.5 % | 6.5 % | 7 % | 7 % | 6.1 % |
| Éire | 0.7 % | 10.4 % | 1 % | 0.8 % | 1.1 % |
| An Iodáil | 4.3 % | 5.9 % | 5.6 % | 3.1 % | 4.9 % |
| An Chipir | 0.1 % | 0.2 % | 0.3 % | 0.2 % | 0.1 % |
| An Laitvia | 0 % | 0.1 % | 0.1 % | 0 % | 0 % |
| An Liotuáin | 0 % | 0 % | 0 % | 0.1 % | 0.2 % |
| Lucsamburg | 2 % | 0.8 % | 0.8 % | 1.2 % | 0.8 % |
| An Ungáir | 0.5 % | 0.4 % | 0.1 % | 0.3 % | 0.5 % |
| Málta | 0 % | 0 % | 0.3 % | 0.2 % | 0.1 % |
| An Ísiltír | 5.4 % | 3.5 % | 5.6 % | 5.4 % | 5 % |
| An Ostair | 1.9 % | 1.2 % | 1.3 % | 1.8 % | 1.5 % |
| An Pholainn | 0.8 % | 1.2 % | 1.8 % | 1.9 % | 1.4 % |
| An Phortaingéil | 0.9 % | 0.8 % | 0.8 % | 0.9 % | 0.5 % |
| An Rómáin | 1 % | 0.5 % | 0.5 % | 0.4 % | 0.5 % |
| An tSlóivéin | 0.2 % | 0.2 % | 0.2 % | 0.1 % | 0.1 % |
| An tSlóvaic | 0.2 % | 0.5 % | 0.6 % | 0.2 % | 0.2 % |
| An Fhionlainn | 0.9 % | 1.3 % | 1.2 % | 1.2 % | 1.1 % |
| An tSualainn | 0.5 % | 1 % | 1 % | 0.9 % | 1.7 % |
| An Ríocht Aontaithe | 6.4 % | 4.6 % | 4.4 % | 3.4 % | 2.4 % |
| Tríú tíortha | 6.5 % | 4.9 % | 5.5 % | 3.1 % | 3.1 % |
| Neamhdhearbhaithe | 11 % | 12.2 % | 12.9 % | 19.2 % | 21.7 % |

**11. Dáileadh geografach na n-iarratasóirí (iarratais dearbhúcháin)**

| Tír | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| An Bheilg | 16.1 % | 36 % | 31.3 % | 18.2 % | 15.6 % |
| An Bhulgáir | 0 % | 4 % | 0 % | 0 % | 3.1 % |
| An Chróit | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % |
| Poblacht na Seice | 0 % | 0 % | 3.1 % | 4.5 % | 0 % |
| An Danmhairg | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % |
| An Ghearmáin | 22.6 % | 4 % | 3.2 % | 18.2 % | 15.6 % |
| An Eastóin | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % |
| An Ghréig | 0 % | 0 % | 3.1 % | 0 % | 0 % |
| An Spáinn | 6.4 % | 0 % | 3.1 % | 0 % | 0 % |
| An Fhrainc | 6.4 % | 0 % | 3.1 % | 9.1 % | 6.3 % |
| Éire | 0 % | 4 % | 0 % | 4.6 % | 3.1 % |
| An Iodáil | 6.5 % | 8 % | 3.1 % | 0 % | 0 % |
| An Chipir | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % |
| An Laitvia | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % |
| An Liotuáin | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % |
| Lucsamburg | 3.2 % | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % |
| An Ungáir | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % | 6.3 % |
| Málta | 0 % | 0 % | 0 % | 4.5 % | 0 % |
| An Ísiltír | 6.5 % | 16 % | 12.5 % | 4.6 % | 9.4 % |
| An Ostair | 3.2 % | 0 % | 3.1 % | 0 % | 3.1 % |
| An Pholainn | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % |
| An Phortaingéil | 0 % | 4 % | 3.1 % | 0 % | 0 % |
| An Rómáin | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % |
| An tSlóivéin | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % |
| An tSlóvaic | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % |
| An Fhionlainn | 3.2 % | 4 % | 9.4 % | 4.6 % | 3.1 % |
| An tSualainn | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % |
| An Ríocht Aontaithe | 9.7 % | 8 % | 3.1 % | 4.5 % | 6.3 % |
| Tríú tíortha | 6.5 % | 8 % | 0 % | 4.5 % | 0 % |
| Neamhdhearbhaithe | 9.7 % | 4 % | 18.8 % | 22.7 % | 28.1 % |

## 12. Réimse beartais na ndoiciméad a iarradh

| Beartas | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| Talmhaíocht, Iascach | 4.6 % | 4.3 % | 7.8 % | 4.7 % | 8 % |
| An Margadh Inmheánach | 2.2 % | 0.6 % | 1.6 % | 1 % | 0.2 % |
| Taighde | 1.3 % | 1.9 % | 2 % | 0.5 % | 0.4 % |
| Cultúr | 0.3 % | 0.3 % | 0.5 % | 0.1 % | 0.1 % |
| An tOideachas / an Óige | 1.3 % | 1.7 % | 1.2 % | 0.5 % | 1.2 % |
| Iomaíochas | 1.8 % | 1.4 % | 3 % | 9.9 % | 11.6 % |
| Fuinneamh | 1.7 % | 1.6 % | 1.6 % | 4.4 % | 4.6 % |
| Iompar | 5.4 % | 4.8 % | 2.8 % | 3.1 % | 3.8 % |
| An Comhshaol | 5.2 % | 6.2 % | 4.9 % | 5.9 % | 8.6 % |
| Sláinte agus Cosaint Tomhaltóirí | 1.6 % | 2.1 % | 2.4 % | 3.6 % | 4.2 % |
| Beartas Eacnamaíoch agus | 10.1 % | 16.7 % | 14.8 % | 10.3 % | 7 % |
| Ceisteanna Cánach – | 5.6 % | 4.4 % | 3.8 % | 2.5 % | 1.9 % |
| An Caidreamh seachtrach – CBES | 15.2 % | 13.1 % | 12.1 % | 13.7 % | 9.4 % |
| Cosaint Shibhialta | 0.2 % | 0.1 % | 0.1 % | 0.1 % | 0 % |
| Méadú | 1.1 % | 0.6 % | 0.5 % | 0.4 % | 0.4 % |
| Cúrsaí Cosanta agus Míleata | 1.7 % | 1.2 % | 1.1 % | 0.6 % | 0.3 % |
| Cúnamh don Fhorbairt | 0.1 % | 0 % | 0 % | 0 % | 0 % |
| Beartas Sóisialta | 3.5 % | 2 % | 2.6 % | 3.3 % | 3.3 % |
| Ceartas agus Gnóthaí Baile | 17.9 % | 20.4 % | 17.8 % | 18.5 % | 17.6 % |
| Ceisteanna Dlí | 3.7 % | 2.7 % | 4.3 % | 3 % | 2.5 % |
| Feidhmiú na nInstitiúidí | 3 % | 1.4 % | 2.5 % | 1.3 % | 1.2 % |
| Maoiniú an Aontais (Buiséad, Reacht) | 0.3 % | 0.3 % | 0.3 % | 0.1 % | 0.3 % |
| Trédhearcacht | 0.7 % | 0.7 % | 0.7 % | 0.6 % | 0.3 % |
| Ceisteanna Beartais Ghinearálta | 4.6 % | 6.7 % | 4.3 % | 3.1 % | 4.1 % |
| Ceisteanna Parlaiminteacha | 0.8 % | 0.2 % | 0.1 % | 0 % | 0.2 % |
| Teileachumarsáid | | | 3 % | 6.9 % | 5.9 % |
| Nithe éagsúla | 2.6 % | 2.6 % | 2 % | 1.2 % | 2.2 % |
| Brexit | 3.5 % | 2 % | 1.9 % | 0.7 % | 0.7 % |

**13. Eisceachtaí a úsáideadh chun rochtain a dhiúltú (an chéim thosaigh)**

| Eisceachtaí dá bhforáiltear i Rialachán Uimh. 1049/2001 | 2019 | | 2020 | | 2021 | | 2022 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | # | % | # | % | # | % | # | % | # | % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an tslándáil phoiblí | 51 | 4.5 % | 72 | 4.8 % | 87 | 8.2 % | 78 | 6.5 % | 50 | 4.5 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le cúrsaí cosanta agus míleata | 16 | 1.4 % | 11 | 0.7 % | 4 | 0.4 % | 10 | 0.8 % | 7 | 0.6 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idirnáisiúnta | 300 | 26.6 % | 233 | 15.5 % | 181 | 17 % | 208 | 17.4 % | 305 | 27.4 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le beartas airgeadais, airgeadaíochta agus eacnamaíoch an Chomhphobail nó Ballstát | 15 | 1.3 % | 6 | 0.4 % | 0 | 0 % | 1 | 0.1 % | 4 | 0.4 % |
| Cosaint na príobháideachta agus d'ionracas na ndaoine aonair (cosaint sonraí pearsanta) | 3 | 0.3 % | 5 | 0.3 % | 10 | 0.9 % | 19 | 1.6 % | 7 | 0.6 % |
| Cosaint leasanna tráchtála duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, lena n-áirítear maoin intleachtúil | 5 | 0.4 % | 0 | 0 % | 27 | 2.5 % | 2 | 0.2 % | 1 | 0.1 % |
| Cosaint imeachtaí cúirte agus comhairle dlí | 10 | 0.9 % | 9 | 0.6 % | 9 | 0.8 % | 9 | 0.7 % | 23 | 2.1 % |
| Cosaint chuspóir na gcigireachtaí, imscrúduithe agus iniúchtaí | 3 | 0.3 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 3 | 0.3 % |
| Cosaint phróiseas cinnteoireachta na hInstitiúide | 215 | 19.1 % | 343 | 22.8 % | 223 | 20.9 % | 307 | 25.6 % | 327 | 29.3 % |
| Roinnt cúiseanna le chéile | 509 | 45.2 % | 827 | 54.9 % | 525 | 49.3 % | 563 | 47 % | 387 | 34.7 % |

**14. Eisceachtaí a úsáideadh chun rochtain a dhiúltú (iarratais dearbhúcháin)**

| Eisceachtaí dá bhforáiltear i Rialachán Uimh. 1049/2001 | 2019 | | 2020 | | 2021 | | 2022 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | # | % | # | % | # | % | # | % | # | % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an tslándáil phoiblí | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 4 | 8.3 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le cúrsaí cosanta agus míleata | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idirnáisiúnta | 19 | 34.5 % | 3 | 5.8 % | 33 | 34 % | 55 | 67.9 % | 5 | 10.4 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le beartas airgeadais, airgeadaíochta agus eacnamaíoch an Chomhphobail nó Ballstát | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 1 | 1.2 % | 2 | 4.2 % |
| Cosaint na príobháideachta agus d'ionracas na ndaoine aonair (cosaint sonraí pearsanta) | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 2 | 2.5 % | 4 | 8.3 % |
| Cosaint leasanna tráchtála duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, lena n-áirítear maoin intleachtúil | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % |
| Cosaint imeachtaí cúirte agus comhairle dlí | 2 | 3.6 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % |
| Cosaint chuspóir na gcigireachtaí, imscrúduithe agus iniúchtaí | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % |
| Cosaint phróiseas cinnteoireachta na hInstitiúide | 3 | 5.5 % | 12 | 23.1 % | 13 | 13.4 % | 2 | 2.5 % | 3 | 6.3 % |
| Roinnt cúiseanna le chéile nó cúiseanna eile | 31 | 56.4 % | 37 | 71.1 % | 51 | 52.6 % | 21 | 25.9 % | 30 | 62.5 % |

**15. Eisceachtaí a úsáideadh chun bonn cirt a thabhairt do rochtain pháirteach a dheonú (céim thosaigh)**

| Eisceachtaí dá bhforáiltear i Rialachán Uimh. 1049/2001 | 2019 | | 2020 | | 2021 | | 2022 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | # | % | # | % | # | % | # | % | # | % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an tslándáil phoiblí | 24 | 5.1 % | 28 | 5.2 % | 24 | 4.6 % | 70 | 7.3 % | 67 | 4.2 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le cúrsaí cosanta agus míleata | 3 | 0.7 % | 2 | 0.4 % | 5 | 1 % | 6 | 0.6 % | 3 | 0.2 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idirnáisiúnta | 109 | 23.2 % | 156 | 28.8 % | 65 | 12.5 % | 95 | 9.9 % | 214 | 13.4 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le beartas airgeadais, airgeadaíochta agus eacnamaíoch an Chomhphobail nó Ballstát | 7 | 1.5 % | 3 | 0.5 % | 1 | 0.2 % | 1 | 0.1 % | 42 | 2.6 % |
| Cosaint na príobháideachta agus d'ionracas na ndaoine aonair (cosaint sonraí pearsanta) | 65 | 13.8 % | 141 | 26 % | 168 | 32.4 % | 400 | 41.9 % | 727 | 45.4 % |
| Cosaint leasanna tráchtála duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, lena n-áirítear maoin intleachtúil | 8 | 1.7 % | 1 | 0.2 % | 3 | 0.6 % | 4 | 0.4 % | 0 | 0 % |
| Cosaint imeachtaí cúirte agus comhairle dlí | 24 | 5.1 % | 19 | 3.5 % | 38 | 7.3 % | 16 | 1.7 % | 28 | 1.7 % |
| Cosaint chuspóir na gcigireachtaí, imscrúduithe agus iniúchtaí | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % |
| Cosaint phróiseas cinnteoireachta na hInstitiúide | 97 | 20.6 % | 55 | 10.1 % | 71 | 13.7 % | 161 | 16.9 % | 66 | 7.4 % |
| Roinnt cúiseanna le chéile nó cúiseanna eile | 133 | 28.3 % | 137 | 25.3 % | 144 | 27.7 % | 202 | 21.2 % | 400 | 25 % |

**16. Eisceachtaí a úsáideadh chun bonn cirt a thabhairt do rochtain pháirteach a dheonú (céim dhearbhúcháin)**

| Eisceachtaí dá bhforáiltear i Rialachán Uimh. 1049/2001 | 2019 | | 2020 | | 2021 | | 2022 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | # | % | # | % | # | % | # | % | # | % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an tslándáil phoiblí | 1 | 2 % | 0 | 0 % | 1 | 1.8 % | 0 | 0 % | 1 | 2.3 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le cúrsaí cosanta agus míleata | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idirnáisiúnta | 8 | 16 % | 0 | 0 % | 4 | 7.4 % | 24 | 66.7 % | 1 | 2.2 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le beartas airgeadais, airgeadaíochta agus eacnamaíoch an Chomhphobail nó Ballstát | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 1 | 2.2 % |
| Cosaint na príobháideachta agus d'ionracas na ndaoine aonair (cosaint sonraí pearsanta) | 0 | 0 % | 6 | 19.4 % | 5 | 9.3 % | 1 | 2.8 % | 37 | 82.2 % |
| Cosaint leasanna tráchtála duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, lena n-áirítear maoin intleachtúil | 2 | 4 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % |
| Cosaint imeachtaí cúirte agus comhairle dlí | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 4 | 7.4 % | 2 | 5.5 % | 1 | 2.2 % |
| Cosaint chuspóir na gcigireachtaí, imscrúduithe agus iniúchtaí | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % |
| Cosaint phróiseas cinnteoireachta na hInstitiúide | 5 | 10 % | 0 | 0 % | 7 | 13 % | 0 | 0 % | 0 | 0 % |
| Roinnt cúiseanna le chéile nó cúiseanna eile | 34 | 68 % | 25 | 80.6 % | 33 | 61.1 % | 9 | 25 % | 4 | 8.9 % |

**17. Líon na ndoiciméad (an bunleagan teanga) dá dtagraítear sa chlár poiblí faoin 31 Nollaig gach bliain féilire (agus líon na ndoiciméad poiblí)**

| 2019 | | 2020 | | 2021 | | 2022 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 420 763 | 297 670 (70 %) | 440 148 | 313 253 (71.1 %) | 460 907 | 330 434 (71.7 %) | 482 786 | 346 951 (71.9 %) | 505 587 | 364 793 (72.1 %) |

**18. Líon na ndoiciméad (an bunleagan teanga) a cuireadh leis an gclár poiblí in 2023**

| | Dhoiciméad poiblí tráth a gcúrsaíocht | LIMITE | LIMITE a cuireadh ar fáil don phobal arna iarraidh sin | Ar fáil go páirteach |
|---|---|---|---|---|
| Reachtach | 2 299 | 3 039 | 2 006 | 209 |
| Neamhreachtach | 11 104 | 9 401 | 2 791 | 898 |

**19. Meánlíon na laethanta oibre chun freagra a thabhairt ar iarraidh thosaigh ar rochtain ar dhoiciméid agus ar iarratas dearbhúcháin**

| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| Maidir leis na hiarratais tosaigh[16] | 17 (2 567 n-iarraidh) | 17 (2 321 iarraidh) | 17 (2 083 iarraidh) | 16 (2 762 iarraidh) | 16 3732 iarraidh) |
| Maidir leis na hiarratais dearbhúcháin[17] | 37 (40 iarratas dearbhúcháin) | 34 (26 iarratas dearbhúcháin) | 33 (44 iarraidh dearbhúcháin) | 36 (23 iarratas dearbhúcháin ) | 32 (39 n-iarratas dhúnta.) |
| Meán ualaithe (tosaigh + dearbhúcháin) | 17.31 | 17.19 | 17.34 | 16.17 | 16.17 |

16 Áirítear sna figiúirí sin na hiarratais tosaigh a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus 'na hiarratais 6(3)', mar a thugtar orthu.

17 Scrúdaíonn Meitheal na Comhairle um Fhaisnéis agus Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) na hiarratais dearbhúcháin. Glacann an Chomhairle freagraí ar na hiarratasóirí.

**20. Líon na n-iarratas ar cuireadh síneadh leo - Airteagail 7(3) agus 8(2)**

| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarratais tosaigh | 809 as 2 567<br>31.5 % | 776 as 2 321<br>33.4 % | 623 as 2083<br>29.9 %«iprolon g5» | 824 as 2 762<br>29.8 % | 1248 as 3732<br>33.4 % |
| Iarratais dearbhúcháin | 40 [as 40] | 26 [as 26] | 43 [as 44] | 23 [as 23] | 40 [as 40] |